



Vóta 31

Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 31, tá dualgas orm, gach bliain, chun an Cuntas Leithreasa don Vóta a réiteach, agus chun an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, réitigh mé an cuntas atá ar ceangal ina sonraítear an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, chun íoc as deontais, deontais i gcabhair agus as seirbhísí áirithe eile.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- (a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair den chaiteachas don bhliain, agus
- (b) a cuireadh ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil in 2012 as leithreasaí 2011 nár caitheadh, faoi na socruithe um fhorghéilleadh iarchurtha a bunaíodh faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá an Ráiteas Beartas agus Prionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den Chuntas.

An Ráiteas Beartas agus Prionsabal Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta i bhfeidhm chun na cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile agus an cuntas á réiteach, seachas i gcás an mhéid a leanas;

Dímheas

Is é beartas na Roinne sócmhainní a dhímheas ó dháta an cheannaigh a fhad leis an mbliain diúscairthe roimhe sin, agus an bhliain sin san áireamh, ar na rátaí bliantúla a leanas:

Talamh agus foirgnimh - dímheas ar bith

Troscáin agus feistis - 10%

Trealamh oifige - 20%

Mótarfheithiclí – 20%

Trealamh speisialta - 20%

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn/Oifig/Údarás. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbheithniú a leanann ar aghaidh.

Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- bunaíodh socrúithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais,
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí,
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach,
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha,
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC,
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta,
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonartháí.

Faoi mar atá leagtha amach i nóta 6.3, tacaíodh le deontais ar luach iomlán €13,000 a cuireadh ar fáil ag an Roinn faoin gClár Caipitil Spóirt le sonraisc a úsáideadh freisin le tacú le héileamh deontais ó chomhlachas eile Stáit.

Chuir an Roinn imscrúdú i gcrích agus dá thoradh sin d'fhéach sí leis na suimeanna a ró-íocadh a aisghabháil. Faoi Bhealtaine 2013, rinneadh €5,000 den €13,000 a ró-íocadh a aisghabháil. Urchoisceadh an comhlachas spóirt a chuir an t-éileamh faoi bhráid ó chur isteach ar dheontais bhreise faoi chlár an Chaipitil Spóirt go dtí Aibreán 2016.

Faoi láthair tá an Roinn ag déanamh athbhreithnithe ar a cuid gnáthamh le cinntiú nach ndearneadh éileamh ar chaiteachas a éilíodh faoin gClár Caipitil Spóirt ó ghníomhaireacht eile de chuid an Stáit

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint

Tom O'Mahony

Oifigeach Cuntasáíochta

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

27 Márta 2013

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáil agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála

Scóip an iniúchta

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuímeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh

Baineann Caibidil 14 de mo thuairisc faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2012 le leibhéal na n-iarmhéideanna airgid thirim san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Fuair an tÚdarás maoiniú bliantúil deontais ó Vóta 31, Iompar, Turasóireacht agus Spórt.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

17 Méan Fómhair 2013

Vote 31 Iompar, Turasóireacht agus Spórt

Cuntas Leithreasa 2012

		2012		2011	
		Soláthar meastacháin		Toradh	
		€000	€000	€000	
Caiteachas Cláir					
A	Eitlíocht Shibhialta		32,581	27,923	34,370
B	Iompar ar talamh				
	<i>Tosaigh</i>	1,703,704			
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	2,300			
	<i>Forlíontach</i>	17,800	1,723,804	1,729,201	2,013,275
C	Iompar agus sábháilteacht mhuirí				
	<i>Tosaigh</i>	79,926			
	<i>Forlíontach</i>	(6,700)	73,226	70,617	70,842
D	Seirbhísí Spóirt agus Áineasa				
	<i>Tosaigh</i>	80,622			
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	6,400			
	<i>Forlíontach</i>	(6,100)	80,922	79,596	84,124
E	Seirbhísí Turasóireachta				
	<i>Tosaigh</i>	144,353			
	<i>Forlíontach</i>	(1,000)	143,353	143,144	143,527
Ollchaiteachas					
	<i>Tosaigh</i>	2,041,186			
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	8,700			
	<i>Forlíontach</i>	4,000			
			2,053,886	2,050,481	2,346,138
<i>Lúide</i>					
F	Leithreasaí i gcabhair		449,808	450,541	428,319
Glanchaiteachas					
	<i>Tosaigh</i>	1,591,378			
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	8,700			
	<i>Forlíontach</i>	4,000			
			1,604,078	1,599,940	1,917,819

Farasbarr don ghéilliúint

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithghabháil neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

	2012	2011
	€	€
Barrachas don bhliain	4,138,525	11,228,933
Forghéilleadh iarchurtha	—	8,700,000
Barrachas le forghéilleadh	<u>4,138,525</u>	<u>2,528,933</u>

Anailís an chaiteachais riaracháin

		2012		2011
		Soláthar	Toradh	Toradh
		meastacháin		
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pána agus liúntais	29,089	28,674	30,663
ii	Taisteal agus cothabháil	1,003	1,068	911
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	2,360	1,647	1,609
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	949	465	555
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,668	1,240	1,523
vi	Costais áitreabh na hoifige	912	875	846
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbheithnithe beartais	599	568	397
		<u>36,580</u>	<u>34,537</u>	<u>36,504</u>

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2012

	2012	2011
	€000	€000
Costas clár	2,015,944	2,309,634
Pá	28,674	30,663
Neamhphá	5,863	5,841
Ollchaiteachas	2,050,481	2,346,138
<i>Lúide</i>		
Leithreasáí i gcabhair	450,541	428,319
Glanchaiteachas	1,599,940	1,917,819
Athruithe ar shócmhainní caipitiúla		
Ceannach (airgead tirim)	(1,918)	
Dímheas	3,477	
	1,559	(790)
Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt		
Íocaíochtaí airgid thirim	(991)	(110)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(1,236)	
Laghdú ar stoc	65	
	(1,171)	(288)
Caiteachas díreach	1,599,337	1,916,631
Caiteachas a tabhaíodh in áiteanna eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	20,000	13,782
Measchíosanna	1,210	1,214
Glanchostas clár	1,620,547	1,931,627

1.1 Glanseirbhísí Comhghaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 31 a tabhaíodh in áiteanna eile

	2012	2011
	€000	€000
Vóta 7 Airgeadas	132	—
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	15,343	7,945
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	4,122	5,595
Vóta 20 An Garda Síochána	—	62
An Lárchiste – an tAire pinsin	403	180
	20,000	13,782

2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	Nóta	2012 €000	2011 €000
Sócmhainní caipitiúla	2.3	11,036	11,834
Sócmhainní caipitiúla faoi fhorbairt	2.4	<u>3,487</u>	<u>2,496</u>
		14,523	14,330
Sócmhainní Reatha			
Stoic	2.6	590	655
Réamhíocaíochtaí		1,244	322
Ioncam fabhráithe		31	25
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	<u>1,292</u>	<u>2,319</u>
Sócmhainní iomlána reatha		3,157	3,321
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		1,425	1,732
An banc agus airgead tirim	2.5	607	(1,488)
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.8	287	743
Glandliteanas leis an Státchiste	2.9	<u>397</u>	<u>3,064</u>
Dlíteanais iomlána reatha		2,716	4,051
Glansócmhainní iomlána reatha		441	(730)
Glansócmhainní		14,964	13,600
Arna léiriú ag:			
An Cuntas um Chistiú Stáit	2.1	<u>14,964</u>	<u>13,600</u>

2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit	Nóta	2012	2011
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		13,600	21,277
Cistiú a tarraingíodh anuas	2.2	1,619,940	1,931,601
Caiteachas neamhairgid – measchíos	1	1,210	1,214
Sócmhainní seasta coigeartú	2.3	759	(8,530)
Aistriú sócmhainní seasta		2	31
Sócmhainní caipitil faoin choigeartú forbartha		—	(54)
Sócmhainní caipitil faoin aistriú a fhorbairt chun clár na sócmhainní		—	(312)
Glanchoistas clár	1	(1,620,547)	(1,931,627)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		14,964	13,600

2.2 Cistiú a tarraingíodh anuas	Nóta	2012	2011
		€000	€000
Íocaíochtaí amach ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	1,604,078	1,929,047
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	Cuntas	—	(8,700)
Farasbarr don bhliain	Cuntas	(4,138)	(2,528)
		1,599,940	1,917,819
Caiteachas (airgead tirim) a tabhíodh in áiteanna eile	1	20,000	13,782
Iomlán an chistiithe a tarraingíodh anuas		1,619,940	1,931,601

2.3 Sócmhainní Caipitiúla

	Talamh agus foirgnimh €000	Trealamh oifige €000	Troscáin agus feistis €000	Mótar-fheithiclí €000	Trealamh speisialta €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2012	1,932	17,781	339	9,227	17,543	46,822
Aistriú ¹	—	4	—	—	—	4
Breisiúcháin	—	421	841	487	224	1,973
Diúscairtí	—	(38)	—	(17)	—	(55)
Coigeartú ²	—	(1,817)	901	—	(343)	(1,259)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2012	1,932	16,351	2,081	9,697	17,424	47,485
Dímheas carnach						
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2012	—	14,954	330	5,610	14,094	34,988
Aistriú ¹	—	2	—	—	—	2
Dímheas don bhliain	—	1,247	166	1,030	1,089	3,532
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(38)	—	(17)	—	(55)
Coigeartú ²	—	(2,209)	404	—	(213)	(2,018)
Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2012	—	13,956	900	6,623	14,970	36,449
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012	1,932	2,395	1,181	3,074	2,454	11,036
Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2011	1,932	2,827	9	3,617	3,449	11,834

¹ Aistríodh sócmhainní ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Ghaeltachta le linn 2012..

² Chuir an Roinn athbhreithniú i gcrích ar a clár sócmhainní seasta i 2012. De thoradh an athbhreithnithe, theastaigh coigeartuithe ó shócmhainní caipitil na Roinne. Baineann an coigeartú leis gur díscríobhadh sócmhainní nach bhfuil sealbhaithe a thuilleadh agus ceartú luachanna sócmhainne a taifeadadh go mícheart. Is é éifeacht an choigeartaithe ná an glanluach de réir na leabhar a mhéadú faoi €889,000. Bhain coigeartú breise le deontas i 2008 a taifeadadh, go hearráideach, mar shócmhainn chaipitil. Bhí de thoradh ar an gcoigeartú seo laghdú i nglanluach de réir na leabhar de na sócmhainní de €130,000. Is é an glanchoigeartú iomlán ná méadú de €759,000 i nglanluach de réir na leabhar de na sócmhainní.

2.4 Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt	2012	2011
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
An méid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir	2,496	2,752
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	991	110
Arna aistriú chuig an gclár cócmhainní	—	(312)
Coigeartú ¹	—	(54)
larmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>3,487</u>	<u>2,496</u>

¹ Mar chuid de mholadh iniúchta inmheánaigh i dtaca le scrúdú a dhéanamh ar gach cuntas obair idir lámha (OIL), rinneadh athaicmiú ar roinnt idirbheart ar pléadh leo mar idirbhearta caipitil roimhe seo.

2.5 An Banc agus Airgead Tirim	2012	2011
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
larmhéideanna agus airgead PMG	(604)	1,618
Orduithe nár íocadh astu	(3)	(130)
	<u>(607)</u>	<u>1,488</u>

2.6 Stoic	2012	2011
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Páipéarachas agus soláthairtí oifige	45	55
Tomhaltáin TF	30	73
Tomhaltáin speisialta (Garda Cóstá na hÉireann)	515	527
	<u>590</u>	<u>655</u>

2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile	2012	2011
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Cnapshuimeanna scoir	1,056	1,826
Eile	236	493
	<u>1,292</u>	<u>2,319</u>

2.8 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

amhail an 31 Nollaig **€000** **€000**

Suimeanna a bhí dlite don Stát

Cáin Ioncáim	(4)	333
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	5	—
Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil	45	94
Cáin		
Cáin Bhreisluacha	101	245
Cáin Chonartha Iomchuí	4	—
	<hr/>	<hr/>
	151	672
Muirir phinsin	71	11
Eile	65	60
	<hr/>	<hr/>
	287	743

2.9 Glandliteanas leis an Státchiste

amhail an 31 Nollaig **€000** **€000**

Barrachas le forghéilleadh	4,138	2,529
Forghéilleadh larchurtha	—	8,700
Deontas an Státchiste nár tarraingíodh	(3,741)	(8,165)
Glandliteanas leis an Státchiste	<hr/>	<hr/>
	397	3,064

Arna léiriú ag:

Féichiúnaithe 1,292 2,319
Iarmhéideanna dochair: fionraí 1,292 2,319

Creidiúnaithe (151) (672)
Dlite don Stát (607) 1,488
Banc (137) (71)

397 3,064

2.10 Ceangaltais	2012	2011
amhail an 31 Nollaig	€000	€000

(a) Ceangaltais Dhomhanda

(i) Fotheidil Éadála	597,192	629,806
(ii) Fotheidil deontais	118,366	108,203
lomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí	715,558	738,009

Ceangaltais faoi fhotheidil éadála

	€000	€000
Seirbhísí héileacaptair	566,896	603,643
Aerfoirt	14,184	21,614
Ceadúnú feithiclí/tiománaithe	13,648	3,445
Taisteal Inmharthana	1,700	—
An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí	351	356
Teicneolaíocht na faisnéise	310	178
Seirbhísí den Gharda Cóstá	103	570
	597,192	629,806

(b) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

	Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2011	Caiteachas 2012	Blianta dá éis sin	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Seirbhísí Héileacaptair	15,246	2,706	16,574	34,526
Chuardaigh agus Tharrthála ¹				
Limistéir Thaistil Níos Cliste	—	3,200	19,800	23,000

¹ Baineann ceangaltais chaipitiúla ilbhliantúla le hÍocaíochtaí caipitiúla a rinneadh roimh ré leis an soláthróir seirbhíse faoin gconradh nua a thosóidh an 1 Iúil 2012. Áirítear leis an gceangaltas iomlán €566.9 milliún do na seirbhísí seo muirir sheasta mhíosúla, muirear eitle in aghaidh na huairé agus muirir bhreosla atá le híoc ar na huairéanta measta eitle mar aon le muirir aerfoirt agus choimhdeacha. D'fhéadfadh na costais iarbhir, ar an ábhar sin, bheith éagsúla ó thráth go chéile.

2.11 Dlíteanais Aibithe

B'ionann an líon iomlán dlíteanais aibithe amhail an 31 Nollaig agus €117,555.

3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

		2012		2011
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A	Eitlíocht sibhialta			
A.1	Riarachán - pá	3,139	3,106	3,229
A.2	Riarachán - neamhphá	829	796	639
A.3	Aerfoirt réigiúnacha	16,100	13,521	19,782
A.4	Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta	12,513	10,500	10,720
		32,581	27,923	34,370

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €4,658,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Aerfoirt réigiúnacha	2,579	<p>Bhí an caiteachas i 2012 níos lú mar a bhíodhas ag súil leis ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear iad seo:-</p> <ul style="list-style-type: none"> • Mar gheall ar dhrochaimsir le linn na bliana cuireadh tús níos moille agus rinneadh níos lú dul chun cinn ar roinnt tionscadal ná mar a bhíodhas ag súil leis • B'éigean mórthionscadal amháin, do thionscadal Limistéir Shábháilte Dheireadh Rúidbhealaigh (LSDR) ag Aerfort Chiarraí, b'éigean é a chur amach ar tairiscint arís • Cuireadh moill ar cheannach talún do LSDR ag Aerfort Phort Láirge ag céim an idirbheartaithe/na pleanála sular cuireadh sin ar feitheamh ag an Roinn níos déanaí i 2012 mar gheall ar neamhchinnteacht a bheith ag baint le todhchaí an aerfoirt tar éis d'Aer Lingus socrú a dhéanamh éirí as eitiltí sceidealaithe chuig an Aerfort agus uaidh.
Seirbhísí ilghnéitheacha eitlíochta	2,013	<p>Bhí suibscríbhinní chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta €1.135 milliún níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Déantar leibhéal an chaiteachais ar na suibscríbhinní a chinneadh ag na heagraíochtaí sin a bhfuil íocaíochtaí dlite dóibh: Eurocontrol, An tÚdarás Idirnáisiúnta Eitlíochta Sibhialta, Údarás Eitlíochta Sibhialta na hEorpa agus ABIS</p> <p>Bhí íocaíochtaí chuig Údarás Eitlíochta na hÉireann €0.593 milliún níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis. Clúdaíonn na híocaíochtaí seo costas seirbhísí cumarsáide aerloingseoireachta a sholáthraítear d'aicmí áirithe sonraithe úsáideoirí aerspáis (m.sh. aerárthaí míleata, aerárthaí Stáit). Ní féidir tuar go cruinn líon na n-eitiltí a théann tríd an aerspás sin atá faoi smacht na hÉireann gach bliain.</p>

	2012		2011	
	Soláthar meastacháin		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
B Iompar ar talamh				
B.1 Riarachán - pá		10,723	10,364	11,356
B.2 Riarachán - neamhphá		2,721	2,003	2,069
B.3 Feabhsú/cothabháil bóithre		1,110,973	1,111,973	1,270,666
B.4 Gníomhaireachtaí agus costais um shábháilteacht ar bhóithre				
	<i>Tosaigh</i>	18,682		
	<i>Forlíontach</i>	(500)	18,182	17,075
B.5 Costais cheadúnaithe feithiclí agus tiománaithe		14,750	14,191	13,546
B.6 Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin				
	<i>Tosaigh</i>	17,400		
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	2,300		
	<i>Forlíontach</i>	(6,200)	13,500	17,674
B.7 Íocaíochtaí um sholáthar seirbhís poiblí				
	<i>Tosaigh</i>	253,995		
	<i>Forlíontach</i>	36,000	289,995	277,764
B.8 Clár infheistíochta iompair phoiblí				
	<i>Tosaigh</i>	257,203		
	<i>Forlíontach</i>	(10,500)	246,703	377,210
B.9 Gníomhaireachtaí agus costais ghníomhaireachtaí iompair phoiblí				
	<i>Tosaigh</i>	13,577		
	<i>Forlíontach</i>	(1,000)	12,577	13,160
B.10 Seirbhísí ilghnéitheacha		3,680	3,678	12,755
		1,723,804	1,729,201	2,013,275

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €5,397,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán - neamhphá	718	Tabhaítear mórchuid na gcostas riaracháin neamhphá don chlár Iompair Thalaimh go lárnach ag an Roinn do sheirbhísí ginearálta tacaíochta, lena n-áirítear córais TE, post agus teileachumarsáid, costais oifige, soilsiú agus teas, srl. Bhí an caiteachas sna réimsí seo níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar éifeachtúlachtaí i gcostais fhuinnimh, teileafónaíochta agus seirbhísí eile.
Taisteal níos cliste agus laghdú carbóin	1,363	D'eascair coigilteas mar gheall ar mhóil a bheith ann maidir le faomhadh clár, lena n-áirítear Limistéir Taistil Níos Cliste, Bailte Iompair Ghníomhaigh agus an Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar.

		2012		2011
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
C	Iompar agus sábháilteacht mhuirí			
C.1	Riarachán - pá	12,370	12,662	13,138
C.2	Riarachán - neamhphá	3,303	2,646	2,651
C.3	Riarachán muirí agus Garda Cóstá na hÉireann			
	<i>Tosaigh</i>	64,102		
	<i>Forlíontach</i>	(6,700)		
C.4	Seirbhísí ilghnéitheacha	151	84	79
		73,226	70,617	70,842

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €2,609,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha. Tharla seo go príomha mar gheall ar ghannchaiteachas de €2.2 milliún ar riarachán muirí agus ar Ghardaí Cóstá na hÉireann.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán muirí agus Garda Cóstá na hÉireann	2,177	Tharla an gannchaiteachas go príomha mar gheall ar neamhlíonadh folúntas agus gannchaiteachas ar thionscadail chaipitil i gcás Choimisinéirí Soilse na hÉireann.
Seirbhísí ilghnéitheacha	67	Bhí suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta muirí níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis. Déantar leibhéal an chaiteachais a eascraíonn i mbliain a chinneadh ag an tsuibscríbhinn a iarrtar ag na heagraíochtaí sin dá bhfuil na suibscríbhinní dlite: an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, an Eagraíocht Hidreagrafach Idirnáisiúnta agus Meabhrán Tuisceana Pháras. Agus an meastachán bliantúil á chóiriú cuirtear meastachán san áireamh don leibhéal ranníocaíochta ar dócha go mbeidh sé ag teastáil, lena n-áirítear méaduithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

		2012		2011
		Soláthar meastacháin		Toradh
		€000	€000	€000
			Toradh	€000
D	Seirbhísí spóirt agus áineasa			
D.1	Riarachán - pá	1,813	1,621	1,866
D.2	Riarachán - neamhphá	416	283	316
D.3	Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)			
	<i>Tosaigh</i>	21,200		
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	3,600		
	<i>Forlíontach</i>	(3,200)	21,600	19,812
D.4	Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha	6,900	7,687	9,528
D.5	An Chomhairle Spóirt (deontas i gcabhair) (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	44,495	44,495	46,837
D.6	An Campas Náisiúnta Spóirt			
	<i>Tosaigh</i>	5,798		
	<i>Forghéilleadh iarchurtha</i>	2,800		
	<i>Forlíontach</i>	(2,900)	5,698	5,698
			80,922	79,596
				84,124

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €1,326,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán - neamhphá	133	Tabhaítear mórchuid na gcostas riaracháin neamhphá do chlár na seirbhísí Spóirt agus Caitheamh Aimsire go lárnach ag an Roinn do sheirbhísí ginearálta tacaíochta, lena n-áirítear córais TE, post agus teileachumarsáid, costais oifige, soilsiú agus teas, srl. Bhí an caiteachas sna réimsí seo níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar éifeachtúlachtaí i gcostais fhuinnimh, teileafónaíochta agus seirbhísí eile.
Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus áineasa (páirtchistithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	1,788	Bíonn an caiteachas faoin bhfotheideal seo éileamhláraithe agus bíonn sé deacair é a thuar go cruinn. Chuir an drochaimsir a bhí ann le linn cuid mhór de 2012 isteach ar chumas na ndeontaithe obair pháirce agus deontais tarraingthe anuas a chríochnú, rud a spreag coigilteas.
Deontais do sholáthar agus d'athchóiriú linnte snámha	(787)	D'eascair gá le breis cistiú as dul chun cinn a rinneadh ar roinnt tionscadail mhóra agus as glacadh le clár chun feabhas a chur ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus ar éifeachtacht fuinnimh linnte.

		2012		2011
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
E	Seirbhísí Turasóireachta			
E.1	Riarachán - pá	1,044	920	1,074
E.2	Riarachán - neamhphá	222	137	166
E.3	Fáilte Éireann - (deontas i gcabhair)	65,291	65,291	63,622
E.4	Turasóireacht Éireann Teoranta – deontas riaracháin agus do chostais ghinearálta	16,496	16,496	17,006
E.5	Cuideachta Forbartha Aerfort na Sionainne Teoranta (forbairt turasóireachta) (deontas i gcabhair)	746	746	786
E.6	Ciste margaíocht turasóireachta (deontas i gcabhair)	39,354	39,354	46,083
E.7	Forbairt táirge turasóireachta (deontas i gcabhair)			
	<i>Tosaigh</i>	21,200		
	<i>Forlíontach</i>	(1,000)	20,200	14,790
		143,353	143,144	143,527

Éagsúlachtaí suntasacha

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €209,000 níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo mar thoradh ar an méid a leanas, go príomha:

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Riarachán - neamhphá	85	Tabhaítear mórchuid na gcostas riaracháin neamhphá do chlár na seirbhísí Turasóireachta go lárnach ag an Roinn do sheirbhísí ginearálta tacaíochta, lena n-áirítear córais TE, post agus teileachumarsáid, costais oifige, soilsiú agus teas, srl. Bhí an caiteachas sna réimsí seo níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis mar gheall ar éifeachtúlachtaí i gcostais fhuinnimh, teileafónaíochta agus seirbhísí eile.

4 Fáltais

4.1 Leithreasá i gcabhair

	2012		2011
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
Riarachán			
1. Aisghabháil le haghaidh foirne ar iasacht	—	—	—
2. Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí	4,631	4,958	5,125
Eitlíocht Shibhialta			
3. Aisiocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le heagraíochtaí idirnáisiúnta	6,865	7,048	6,511
4. Aisghabháil cíosanna, etc. Údarás Eitlíochta na hÉireann	415	748	305
5. Íocaíocht le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann as costais ghaolmhara	2,391	2,391	2,268
6. Aisiocaíocht síntiús Údarás Eitlíochta na hÉireann le EUROCONTROL	—	—	—
Iompar ar Talamh			
7. Táillí ceadúnais Iompar Bóithre	801	848	1,007
8. Fáltais ó Chiste an Rialtais Áitiúil	419,274	418,475	410,788
9. Fáltais ilghnéitheacha iompair ar thalamh	14,433	15,152	1,196
Iompar agus sábháilteacht mhuirí			
10. Fáltais faoin Acht um Theileagrafaíocht gan Sreang agus faoin Acht Loingis Cheannaíochta 1919	480	500	562
Seirbhísí Turasoíreachta			
11. Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann	200	183	333
Seirbhísí Spóirt			
12. Fáltais Phinsean na Comhairle Spóirt	58	61	—
Fáltais Ilghnéitheacha			
13. Fáltais Ilghnéitheacha	260	177	224
Iomlán	449,808	450,541	428,319

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

Cur síos	Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí	(327)	Ba é an méid iomlán a fuarthas i 2012 ná €4.958 milliún seachas an méid próifílithe de €4.631 milliún, rud a spreag méadú de €0.327 milliún ar an bhfigiúr measta. Bhí an figiúr measta bunaithe ar thoradh 2011 de €5.125 milliún, ag cur san áireamh an laghdú i gcostais phá.
Aisghabháil cíosanna, etc. Údarás Eitlíochta na hÉireann	(333)	Tar éis chríochnú, i 2012, athbhreithnithe ar chíos ar réadmhaoin a léasaíodh ag an Aire do ÚEÉ fuarthas riaráistí cíos, nár buiséadaíodh, i dtaca leis an tréimhse ó 1 Eanáir 2008.
Fáltais ilghnéitheacha iompair ar thalamh	(719)	Measadh faoina luach an méid a bhí le fáil i dtaca le ranniocaíochtaí pinsin ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe i 2012.

4.2 Fáltais Bhreise Státhiste

	2012	2011
	€000	€000
Pobal, aisíocaíocht deontas neamhchaite a d'eascair as coigiltis agus éifeachtúlachtaí cláir	918	—
Bus Éireann, fáltais ó chur de lámh feithiclí	633	—
Fáltas i dtaca le cíós tailte ag an gCampas Náisiúnta Spórt	27	—
Fáltais phinsin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre	464	—
Fáltas ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre	—	500
Aisghabháil costas a thabhaigh Garda Cóstá na hÉireann	—	24
Fáltas ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta	—	28
Aisghabháil costais taistil	—	2
Iomlán	<u>2,042</u>	<u>554</u>

5 Líonta agus Pá Fostaithe

	2012	2011
Líon na foirne amhail dheireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha) ¹	466	497
	2012	2011
	€000	€000
Pá	25,307	27,302
Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise	700	685
Liúntais eile	546	681
Ragobair	639	551
ÁSPC Fostóra	1,481	1,444
Pá Iomlán	28,673	30,663

¹ Ní bhaineann an figiúr soláthar foirne ach le foireann na Roinne agus ní áirítear leis foireann ghníomhaireachtaí na Roinne a d'fhéadfaí a chistiú trí Vóta na Roinne.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht uasta aonair 2012 €	Íocaíocht uasta aonair 2011 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	124	51	59,113	63,791
Liúntais eile	147	—	7,041	32,195
Ragobair	89	16	35,318	15,573

Fuair roinnt daoine luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin

5.2 Socruithe Eile Luach Saothair

Rinneadh cúigear státseirbhíseach, a raibh pinsin seirbhíse sibhialta á bhfáil acu, a athfhostú ar bhonn táillí ar costas iomlán €66,852.

6 Ilghnéitheach

6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta

Rinne an Crannchur Náisiúnta caiteachas iomlán €64.307 milliún (€70.240 milliún in 2011) faoi fhotheidil D.3 agus D.5 a pháirtchistiú, amhail a léirítear thíos

	2012	2011
	€000	€000
D.3 Deontais do chomhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt	12,483	14,724
D.5 An Chomhairle Spóirt (deontas i gcabhair)	28,030	29,467
	40,513	44,191

Tá fáil ar liosta iomlán íocaíochtaí le deonaithe faoi fhotheideal D.3 ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne, (www.dttas.ie).

6.2 Cúiteamh agus Costais Dí

Íocadh cúiteamh agus costais ilghnéitheacha agus chomhghaolmhara dí €396,888 ar an iomlán agus idir €1,350 agus €204,356 in ocht gcás a glacadh i leith an Aire.

	2012	2011
	€000	€000
Costais dí	98	215
Costais chúitimh	299	151
	397	366

6.3 Íocaíochtaí neamhrialta

D'aithin iniúchadh a cuireadh i gcrích ag an Roinn Timpeallachta, Pobail agus Rialtais Áitiúil suimeanna deontais de €13,000 a cuireadh ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i 2008/2009, faoin bhFotheideal D – Seirbhísí Spóirt agus Caitheamh Aimsire, ar tacaíodh leo ag sonraisc a úsáideadh freisin le tacú le héilimh deontais ón Roinn Timpeallachta, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Tá iarracht déanta ag an Roinn na suimeanna seo a aisghabháil agus faoi Mhí na Bealtaine 2013, bhí €5,000 aisghafa.